**Polasaithe agus Nósanna Imeachta**

| | |
|---|---|
| **Cód:** | QA206 |
| **Teideal:** | Ainmniú Fhoirgnimh agus Spásanna na hOllscoile |
| **Dáta:** | 18.v.2021 |

## 1. Cúlra

Déantar iarratais ó am go chéile chun foirgnimh agus spásanna na hOllscoile a ainmniú in ómós do dhuine a thug seirbhís den scoth don Ollscoil nó don phobal i gcoitinne, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Fáiltímid freisin roimh an deis aitheantas a thabhairt do bhronntóirí daonchairdiúla a thacaigh le cur chun cinn na hOllscoile agus lena misean cur le heolas.

Déanfaidh an polasaí seo rialú ar an bpróiseas laistigh den Ollscoil chun foirgnimh agus spásanna a ainmniú in ómós do dhuine aonair den sórt sin.

## 2. Aidhm an pholasaí

- creat a sholáthar chun aitheantas a thabhairt dóibh siúd a thug seirbhís shuntasach don phobal nó do chur chun cinn eolais nó bronnadh daonchairdis ar an Ollscoil, nó an té atá le comóradh;
- a chinntiú go dtagann na hainmniúcháin sin le hoidhreacht agus le traidisiúin na hOllscoile;
- tacú le caidreamh na hOllscoile le alumni agus le cairde;
- a chinntiú go mbaintear úsáid iomchuí as deiseanna ainmnithe;
- próiseas riaracháin soiléir agus comhsheasmhach a sholáthar chun sócmhainní a ainmniú;
- comhthéacs a sholáthar le haghaidh plé le daoine agus le heagraíochtaí seachtracha atá ag iarraidh sócmhainn Ollscoile a ainmniú.

## 3. Sainmhínithe

- Áireofar le 'sócmhainní' aon áit, foirgneamh, spás nó aonán fisiceach, ar leis an Ollscoil iad;
- Is é 'Ainm' aon sócmhainne de chuid na hOllscoile an cineál teidil aitheantais a chuirfidh an Ollscoil air, nó a bheidh á mheas ag an Ollscoil, faoi réir an phrótacail seo;
- Áireofar le 'ainmniú' úsáid, coinneáil, scriosadh, cúlghairm nó athrú ar aon ainm nó ar aon chuid d'ainm/ar aon sócmhainn de chuid na hOllscoile;
- Is éard is 'moladh ainmnithe' ann ná aon iarratas nó fiosrúchán, foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, maidir le sócmhainn de chuid na hOllscoile a ainmniú;
- áireoidh 'an Ollscoil' féiniúlachtaí stairiúla uile OÉ Gaillimh agus féiniúlachtaí a bhaineann leis an am atá le teacht, na codanna atá inti (cibé feidhm atá acu), agus na fo-eagraíochtaí;
- áireoidh 'Aonad' gach gné acadúil, taighde, tráchtála agus riaracháin den Ollscoil, cibé

cén chaoi a gcuirtear síos orthu, is cuma cén teideal nó cén chaoi a n-eagraítear iad.

## 4. Prionsabail Ghinearálta

Déanfaidh an Ollscoil ainmniú sócmhainní, bíodh siad ann cheana nó más beartaithe atá siad, a rialáil tríd an bprótacal seo.

- Cuirfidh ainmniú le cumas na hOllscoile ár misean agus ár dtosaíochtaí a bhaint amach agus sláine na hOllscoile agus ár saoirse acadúil a chaomhnú ag an am céanna.
- Ní mór ainmniú chun ómós a thabhairt do dhuine aonair luachanna, misean, tosaíochtaí agus polasaithe na hOllscoile *a chur chun cinn.* Ba chóir go gcuimseodh an duine a bhfuiltear le hómós a thabhairt dó/di éachtaí nó buanna a bhfuil súil ag an Ollscoil go bhféachfadh a mic léinn le haithris a dhéanamh orthu.
- Féadfar ainmniú a bhronnadh in ómós do dhuine aonair, beo nó éagtha, mar aitheantas ar a t(h)iomantas nó a s(h)eirbhís fhiúntach don Ollscoil, don léann nó don tsochaí, nó mar fhreagra ar bhronnadh daonchairdiúil.
- Ní mór don Ollscoil agus cinntí á ndéanamh maidir le hainmniú tiomantas na hOllscoile don éagsúlacht agus don uilechuimsitheacht a chur san áireamh.
- Ní mór do dhaoine aonair nó eagraíochtaí a bhfuil sé beartaithe sócmhainní na hOllscoile a ainmniú ina ndiaidh cáil agus stádas den chineál sin a bheith acu nach ndéanfadh comhlachas leis an duine aonair nó leis an eagraíocht sin dochar réasúnach do cháil, misean, tosaíochtaí, luachanna, treoirphrionsabail, uathriail, sláine nó comhlíonadh dlí na hOllscoile.
- Tá cinntí faoin bpolasaí seo neamhspleách ar chinntí ceapacháin, iontrála, curaclaim agus cinntí eile acadúla agus gnó.
- Ar an iomlán, ba cheart go bhféachfadh cinntí ainmnithe le fonn na hOllscoile feabhas a chur ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

## 5. Feidhmiú an Pholasaí

Cuirfear an Polasaí i bhfeidhm faoi choimirce Choiste Ainmnithe na hOllscoile (UNC), a mbeidh siad seo a leanas ina mbaill de:

An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach
agus úinéir an pholasaí) An Leas-Uachtarán don
Rannpháirtíocht
An Leas-Uachtarán Comhionannais,
Éagsúlachta agus Cuimsithe An
Príomhoifigeach Oibríochtaí
An Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla An
Sparánaí
Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Acmhainní
Cathaoirleach an Choiste Seasta agus Pleanála Straitéisí
Cathaoirleach an Choiste Comhionannais, Éagsúlachta
agus Cuimsithe

Beidh Rúnaíocht an Choiste in Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí.

**6. Taifid**

Déanfaidh an UNC liosta de na sócmhainní atá oiriúnach lena n-ainmniú a chur le chéile agus a chothú, agus coimeádfar cibé taifead atá oiriúnach chun:

- Taifead a choinneáil ar na cinntí ainmnithe a glacadh, agus bunús na gcinntí sin;

- Leagan cothrom le dáta den Phrótacal a choinneáil;
- Taifead a choinneáil ar na hathruithe ar an bPrótacal;

Féadfaidh an UNC nósanna imeachta agus nótaí treorach a chur le chéile a chuideoidh leis an gcinnteoireacht agus le measúnú a dhéanamh ar mholtaí agus chun baill nua nó sealadacha den UNC a chur ar an eolas go héifeachtach.

## 7. Nósanna Imeachta maidir le hAinmniú

Agus togra ainmnithe á mheas cuirfear san áireamh go háirithe oiriúnacht fhadtéarmach an ainm. Ní cheadófar ainm ar bith a thabharfaidh le tuiscint go dtacaíonn an Ollscoil le seasamh polaitiúil nó idé-eolaíoch nó le táirge tráchtála sonrach.

- Féadfaidh aon duine nó aonad san Ollscoil, aon duine i bpobal na hOllscoile i gcoitinne, nó aon duine nó eagraíocht sheachtrach moladh a dhéanamh chun aon sócmhainn de chuid na hOllscoile a ainmniú trí phlé leis an Ollscoil.
- Féachfaidh gach ainmniú le teacht ar chomhoiriúnacht idir an luach a bhraitear a bheith ar an tsócmhainn agus an tábhacht nó an tionchar a bhraitear a bheith leis an ainm a mholtar.
- Saineoidh an Ollscoil fad an ainmnithe de réir mar is cuí léi.
    - Go ginearálta, mairfidh ainmniú daonchairdis go brách.
    - I gcás bronntanas daonchairdiúil corparáideach nó fondúireachta, mairfidh ainmniú ar feadh deich mbliana, mura sonraítear a mhalairt.
- Ní bheidh cearta iomlána ná crosadh ag aon Aonad de chuid na hOllscoile ar úsáid aon sócmhainne mar thoradh ar aon ainm a chuirtear ar an tsócmhainn sin.
- Ní bheidh aon oibleagáid ar an Ollscoil aon sócmhainn ar leith a ainmniú.
- Nuair a bheidh an moladh faighte ag aon duine nó aonad de chuid na hOllscoile, cuirfear an moladh i scríbhinn in iúl do Rúnaí an Ghrúpa Oibre agus déileálfar leis na moltaí go léir a luaithe is indéanta, fad is go dtabharfar an aird chuí do gach moladh.
- Nuair a bheidh gach moladh breithnithe ag an nGrúpa Oibre, cuirfear a rogha chuig Foireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT). Má mheasann UMT go bhfuil sé cuí agus/nó riachtanach lorgóidh sé comhairle ó Choiste Airgeadais agus Acmhainní na hOllscoile.
- Ordóidh UMT cibé acu an nglacfar leis an moladh, an ndiúltófar dó nó an gcuirfear an rogha ar ais chuig an nGrúpa Oibre lena breithniú tuilleadh.
- Tabharfaidh an tUachtarán fógra d'Údarás na hOllscoile faoi chinntí ainmnithe den sórt sin.
- Beidh an t-ainm a cheadófar ina ainm oifigiúil ar an tsócmhainn sin chun críocha uile na hOllscoile, ón dáta a bheidh roghnaithe ag an Uachtarán.
- Cuirfidh an Grúpa Oibre tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an UMT. Déanfaidh Coiste Ainmnithe na hOllscoile athbhreithniú foirmiúil ar gach cinneadh maidir le hainmniú sócmhainní gach 3 bliana.

## 8. Sócmhainní Ollscoile a Athainmniú

Is iondúil go gcuirfear ainm ar shócmhainn a mhairfidh saolré na sócmhainne sin. Ní rachaidh aon ghealltanas d'ainmniú thar shaolré nó marthanacht na sócmhainne a ainmnítear. Más gá

sócmhainn nua a chur in ionad na sócmhainne nó í a athrú go mór, ó thaobh struchtúir nó úsáide de, tá sé de chead ag an Ollscoil an tsócmhainn a athainmniú. Féadfaidh an Ollscoil an t-ainm a choinneáil, sócmhainn eile den chineál céanna a ainmniú, nó deireadh a chur le húsáid an ainm.

Gan teorainn ar a ghinearálta atá an méid thuas, má tá maoiniú ag dul leis an tsócmhainn ainmnithe agus mura leor an maoiniú sin níos mó chun tacú leis an tsócmhainn, níl aon dualgas ar an Ollscoil tacú leis an tsócmhainn as a cuid cistí féin agus féadfaidh sí sócmhainn eile a chur ina hionad, í a athrú, fáil réidh léi nó deireadh a chur léi.

Sa chás go bhfuil an t-ainmniú ar feadh tréimhse teoranta ama, tá sé de chead ag an Ollscoil an tsócmhainn a athainmniú ina dhiaidh sin, nó tacaíocht a iarraidh arís ar an deontóir.

Cloífidh aon athainmniú ar shócmhainn Ollscoile leis na prionsabail ainmnithe atá leagtha amach sa pholasaí seo agus na nósanna imeachta a bhaineann leis.

## 9. Ainmniú Sócmhainní Ollscoile a tharraingt siar

Tá sé de cheart ag an Ollscoil cinneadh maidir le hainmniú a tharraingt siar más lagú suntasach agus/nó leanúnach é ar cháil na hOllscoile nó má laghdaítear go suntasach na híocaíochtaí daonchairdiúla a bhí comhaontaithe. Déanfaidh an UMT aon chinneadh den sórt sin ar mholadh ón UNC.

## 10. Úsáid na nAinmneacha

Chun cruinneas a chinntiú, coinneoidh an UNC súil ar an úsáid a bhaineann gach Aonad san Ollscoil, agus comhlachtaí gaolmhara lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí ar conradh as ainmneacha sócmhainní.

## 11. Comharthaíocht

Beidh Oifig na bhFoirgneamh & na nEastát freagrach as comharthaíocht de chineál ar bith a choimisiúnú, a tháirgeadh agus a shuiteáil, de réir pholasaí agus ghnáthnósanna imeachta na hOllscoile.

## 12. Cumarsáid & Imeachtaí

Tá sé de chead ag an Ollscoil cinneadh a dhéanamh maidir le huainiú, cineál agus réim aon chumarsáide maidir le hainmniú sócmhainne, agus maidir le haon imeacht nó gníomhaíocht eile, poiblí nó príobháideach, lena n-ainmnítear sócmhainn. Ba chóir go mbeadh tús áite ag cumarsáid le foireann agus le mic léinn na hOllscoile roimh aon chumarsáid phoiblí. Eagróidh an Ollscoil aon chumarsáid nó imeacht den sórt sin de réir na ngnáthnósanna imeachta agus na gcaighdeán agus na gcleachtas a shocróidh na haonaid ábhartha.

Ní bheidh aon dualgas ar an Ollscoil ainmniú sócmhainne ar bith a cheiliúradh trí chumarsáid nó imeacht den sórt sin.

*Ceadaithe ag UMT, 18.v.2021.*